

An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2026  
(OR. en)

12577/26

AG 129  
INST 307  
FREMP 271  
ANTIDISCRIM 81  
MIGR 228  
VISA 87

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|---------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                                                                                              |
| dáta a fuarthas:          | 23 Iúil 2026                                                                                                                                                                                                                                                               |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                                                                                                                  |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5115 final                                                                                                                                                                                                                                                         |
| Ábhar:                    | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 22.7.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Save Europe Act' ('An Gníomh um Eoraip a Shábháil') de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5115 final.

Faoi iamh: C(2026) 5115 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 22.7.2026  
C(2026) 5115 final

## **CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal  
‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’) de bhun  
Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 22.7.2026

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal  
‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’) de bhun  
Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Tar éis deis a thabhairt don ghrúpa d’eagraithe a dtuairimí a chur in iúl,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuireadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’) faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Meitheamh 2026.
- (2) An 24 Meitheamh 2026, chuir an Coimisiún an grúpa d’eagraithe ar an eolas faoina réamh-mheasúnú agus d’iarr sé air barúlacha a chur isteach. Chuir an grúpa d’eagraithe a bharúlacha isteach an 29 Meitheamh 2026.
- (3) Is é is aidhm don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an gCoimisiún ‘gníomh de chuid an Aontais a mholadh lena mbunófaí moratóir sealadach ar bhealaí nua inimirce nach bealaí de chuid an Iarthair iad, lena n-áirítear víosaí staidéir agus víosaí athaontaithe teaghlaigh, agus athchóiriú ó bhonn á dhéanamh ar chóras imirce agus tearmainn an Aontais an tráth céanna. Leis an ngníomh, ba cheart cosaint na dteorainneacha seachtracha, scagadh tapa agus nósanna imeachta um fhilleadh a neartú, agus foráil a dhéanamh maidir le hathimirce chórasach luathaithe na n-imirceach atá ag fanacht go neamhdhleathach, iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dóibh, agus catagóirí breise imirceach neamh-Eorpach a gcuireann a bhfanacht leanúnach ualach tromchúiseach ar na Ballstáit. Ba cheart a chuimsiú leis freisin aitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh ar fud an Aontais, comhar níos láidre le tríú tíortha maidir le hathligean isteach, agus deireadh a chur le tosca tarraingthe leasa a spreagann tuilleadh imirce isteach san Eoraip.’ In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tá tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis.
- (4) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d’eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus

<sup>1</sup> IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj>

go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é an ‘moratóir sealadach ar bhealaí inimirce nua nach bealaí inimirce de chuid an Iarthair iad’ atá mar thúsphointe ag cuspóirí beartaithe uile an tionscnaimh. Maidir leis an moratóir ginearálaithe ar inimirce atá beartaithe – atá sainmhínithe ar bhonn ‘leanúnachas eitneach agus cultúrtha’ phobail dhúchasacha na hEorpa’ le hais an mhéid a ndéanann an tionscnamh cur síos air mar ‘athsholáthar déimeagrafach’ ag imircigh ‘ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ agus imircigh ‘neamh-Eorpacha’ – ní bheadh sé bunaithe ar chritéir bainistithe imirce ach ar thionscnamh eitneach, cultúrtha nó sibhialta na ndaoine lena mbaineann. Dá bhrí sin, dhéanfaidh an moratóir ginearálaithe atá beartaithe idirdhealú ar bhonn cine agus tionscnamh eitneach. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé contrártha le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, an tSlóvaic agus an Ungáir v an Chomhairle, C 643/15 agus C 647/15, EU:C:2017:631, mír 305) agus leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ar a bhfuil an tAontas fothaithe.
- (6) Murab ionann agus na barúlacha a chuir an grúpa d’eagraithe isteach, ní féidir leis an téarma ‘nach de chuid an Iarthair’ tagairt a dhéanamh ‘go heisiach do shreabha imirce seachtracha agus do náisiúnaigh tríú tír’, ós rud é nach ndíríonn an tionscnamh ach ar dhaoine a bhfuil tionscnamh ‘neamh-Eorpach’ nó ‘nach de chuid an Iarthair’ acu go sonrach.
- (7) Cuireann an grúpa d’eagraithe in iúl freisin go bhfuil údar leis an tionscnamh mar gheall ar ‘leanúnachas cultúrtha agus déimeagrafach phobail na hEorpa’ agus go gcuireann Airteagal 4(2) CAE d’oibleagáid ar an Aontas féiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát a urramú. Mar sin féin, ní chosnaítear le hAirteagal 4(2) CAE ach dearcadh ar na féiniúlachtaí náisiúnta atá comhsheasmhach leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE (breithiúnas an 21 Aibreán 2026, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-769/22, EU:C:2026:326, mír 562). Dá bhrí sin, ní údaraítear le hurraim d’fhéiniúlachtaí náisiúnta faoi Airteagal 4(2) CAE bearta atá ar neamhréir le bunluachanna nó cearta bunúsacha an Aontais agus, dá bhrí sin, ní féidir leis an ngrúpa d’eagraithe brath ar fhéiniúlacht náisiúnta chun údar a thabhairt le heisiamh leathan ó bhealaí inimirce ar bhonn tionscnamh eitneach.
- (8) Ar na cúiseanna sin, is follas go bhfuil an tionscnamh dar teideal ‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’) contrártha le luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 CAE agus leis na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) 2019/788.
- (9) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(3), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788, ba cheart diúltú don iarraidh ar chhlárú an tionscnaimh dar teideal ‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ní chlárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal ‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’).

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d’eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Save Europe Act’ (‘An Gníomh um Eoraip a Shábháil’), grúpa a bhfuil Eva VLAARDINGERBROEK agus Martin SELLNER ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*Maroš ŠEFČOVIČ*  
*Comhalta den Choimisiún*